RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/657 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Aibreán 2021

lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint "Caşcaval de Săveni" (TGFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(3)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas a thíolaic an Rómáin ar chlárú an ainm "Caşcaval de Săveni" mar thásc geografach faoi chosaint (TGFC) in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) An 30 Márta 2020, fuair an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe lena mbaineann ón mBulgáir. Chuir an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe a sheol an Bhulgáir ar aghaidh chuig an Rómáin an 2 Aibreán 2020.

(3) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfreasúra a sheol an Bhulgáir agus chinn sé an freasúra a bheith inghlactha. An focal "кашкавал", a cuireadh i láthair i ráiteas na Bulgáire mar thras-scríbhinní "kashkaval" nó "kaschaval", tá sé comhainmneach leis an ainm "caşcaval", ar cuid é den ainm comhshuite "Caşcaval de Săveni". Is éard atá sa téarma "кашкавал" an t-ainm a úsáidtear sa Bhulgáir le haghaidh táirgí bainne bunúsacha a tháirgtear agus a mhargaítear ar scála tráchtála sa Bhulgáir. Maíodh sa ráiteas freasúra go ndéanfadh clárú an ainm a mholtar dochar don ainm "кашкавал" nó do thrádmharcanna lena n-airítear an téarma "кашкавал" agus do tháirgí atá ar mhargadh na Bulgáire go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilseacháin an iarratais maidir leis an ainm "Caşcaval de Săveni" a chlárú.

(4) Le litir dar dáta an 28 Bealtaine 2020, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúchán iomchuí chun teacht ar chomhaontú eatarthu féin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(5) Tháinig an Rómáin agus an Bhulgáir ar chomhaontú, ar thug an Rómáin fógra don Choimisiún ina leith an 28 Lúnasa 2020, faoin spriocdháta a leagadh síos.

(6) Chinn an Rómáin agus an Bhulgáir nár cheart go mbeadh clárú an ainm "Caşcaval de Săveni" sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint díobhálach d'aon iarratas a dhéanfadh an Bhulgáir amach anseo ar chlárú ainm comhshuite lena n-áirítear an téarma "кашкавал" laistigh de chreat scéimeanna cáilíochta an Aontais Eorpaigh.

(7) Ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus le reachtaíocht an Aontais, ba cheart inneachar an chomhaontaithe a thug an Rómáin agus an Bhulgáir i gcrích a chur san áireamh.

(8) An 8 Aibreán 2020, fuair an Coimisiún an fógra freasúra agus an ráiteas freasúra réasúnaithe lena mbaineann ón nGréig. Chuir an Coimisiún an fógra freasúra ar aghaidh chuig an Rómáin an 16 Aibreán 2020.

(9) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfreasúra a sheol an Ghréig agus chinn sé an freasúra a bheith inghlactha. Maíodh sa fhreasúra go ndéanfadh clárú an ainm a mholtar dochar d'ainm nó do thrádmharc atá comhionann go hiomlán nó i bpáirt nó do tháirgí atá ar mhargadh na Gréige go dleathach le 5 bliana ar a laghad roimh dháta foilseacháin an iarratais maidir leis an ainm "Caşcaval de Săveni" a chlárú.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 15, 16.1.2020, lch. 5.

(10) Le litir dar dáta an 2 Meitheamh 2020, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúchán iomchuí chun teacht ar chomhaontú eatarthu féin i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha.

(11) An 28 Lúnasa 2020 chuir an Rómáin iarraidh isteach i gcomhréir leis an bhfomhír dheireanach d'Airteagal 51(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le síneadh a chur leis an spriocdháta i dtaca leis na comhairliúcháin leis an nGréig sa nós imeachta freasúra a bhaineann leis an iarratas a luaitear thuas agus dheonaigh an Coimisiún an iarraidh sin.

(12) Tháinig an Rómáin agus an Ghréig ar chomhaontú, ar thug an Rómáin fógra don Choimisiún ina leith an 27 Samhain 2020, faoin spriocdháta fadaithe a leagadh síos.

(13) Chomhaontaigh an Rómáin agus an Ghréig nár cheart ach an t-ainm comhshuite "Caşcaval de Săveni" ina iomláine a chumhdach faoi chosaint an tsonrúcháin "Caşcaval de Săveni" agus ní an t-ainm aonair "caşcaval". Thairis sin, chinn siad gur cheart an raon feidhme maidir le húsáid leantach an téarma "caşcaval" a shoiléiriú leis an Rialachán lena gcláraítear an t-ainm "Caşcaval de Săveni" sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint.

(14) Ós rud é go bhfuil sé i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 agus le reachtaíocht an Aontais, ba cheart inneachar an chomhaontaithe a thug an Rómáin agus an Ghréig i gcrích a chur san áireamh.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart an t-ainm "Caşcaval de Săveni" (TGFC) a chosaint ina iomláine, ach féadfar leanúint den téarma "caşcaval" a úsáid i lipéadú agus cur i láthair ar chríoch an Aontais, ar choinníoll go ndéantar na prionsabail agus na rialacha is infheidhme i ndlíchóras an Aontais a urramú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm "Caşcaval de Săveni"(TGFC) cláraithe anois.

Leis an ainm sa chéad fhomhír, sainaithnítear táirge as Aicme 1.3. "Cáiseanna" a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

Airteagal 2

Dá bhrí sin, féadfar leanúint den téarma "caşcaval" a úsáid i lipéadú agus cur i láthair ar chríoch an Aontais, ar choinníoll go ndéantar na prionsabail agus na rialacha is infheidhme i ndlíchóras an Aontais a urramú.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).